


# COMHAD FÍRICÍ: FÓILLÍOCHT, TAISTEAL AGUS TURASÓIREACHT GCSE



## Aonad 3

AG OBAIR SA TIONSCAL FÓILLÍOCHTA, TAISTIL AGUS TURASÓIREACHTA



### Struchtúr na hEarnála Fóillíochta Taistil agus Turasóireachta

#### Torthaí Foghlama

Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:

- Eolas agus tuiscint a léiriú go mbíonn trí leibhéal ag eagraíochtaí fóillíochta, taistil agus turasóireachta de ghnáth:
  - Bainistíochta;
  - Maoirseachta; agus
  - Oibríochta.
- Tuiscint a léiriú ar na tairbhí a bhaineann le heagraíocht thrí leibhéal;
- Cineálacha post a shainithint ag gach ceann de na trí leibhéal agus idirdhealú a dhéanamh idir na leibhéil freagrachta a bhaineann le gach ceann acu; agus
- Na tairbhí a bhaineann le bheith ag obair in eagraíochtaí fóillíochta, taistil agus turasóireachta beaga, meánmhéide agus móra a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile, lena n-áirítear:
  - Peorcaisí poist;
  - Ardú céime; agus
  - Tuarastal iomaíoch.


## Struchtúr na hearnála fóillíochta taistil agus turasóireachta

B'fhéidir gur léir é, ach le bheith éifeachtach caithfidh struchtúr a bheith ag eagraíocht. Leis an struchtúr is féidir le gach duine san eagraíocht tuiscint shoiléir a bheith acu ar an ról atá acu, agus bíonn cumarsáid agus bainistíocht shoiléir ann dá bharr chomh maith.

Modh amháin eagrúcháin ná ranna a bhunú a chlúdaíonn ceithre príomhréimse na gníomhaíochta gnó:

- airgeadas;
- acmhainní daonna;
- margáíocht; agus
- oibríochtaí.

Ach, le haghaidh shonraíocht Fóillíochta, Taistil agus Turasóireachta GCSE caithfidh daltaí fios agus tuiscint a bheith acu go mbíonn trí leibhéal ag eagraíochtaí fóillíochta, taistil agus turasóireachta de ghnáth. Ciallaíonn sé seo go mbíonn daoine ag obair de ghnáth mar bhainisteoirí, mar mhaoirseoirí agus mar oibríthe. I bhFíor 1 tá cáirt eagraíochtúil a léiríonn an gnáthstruchtúr a bheadh ag comhlacht.



Is féidir gurb é an Bainisteoir a bheadh freagrach as an tsaoráid iomlán a réachtáil. In amanna in eagraíocht mhór bheadh Bainisteoir Ginearálta ann a bheadh freagrach as an eagraíocht iomlán a réachtáil agus roinnt bainisteoirí eile freagrach as ranna áirithe amhail imeachtaí a réachtáil. Beidh an bainisteoir freagrach do na húnéirí a d'fhéadfadh bheith ina scairshealbhóirí nó do chomhlacht rialtas áitiúil amhail comhairle ceantair.

De ghnáth bíonn maoirseoirí freagrach as dea-réachtáil foirne. Beidh tascanna riaracháin acu, mar shampla róta foirne seachtainiúil a chruthú, ainm a chur le hiarratais ar shaoire agus ainm a chur le bileoga ama. Oibríonn maoirseoirí chomh maith mar bhall den fhoireann. Tuairisceoidh maoirseoirí dá mbainisteoir ábhartha.

Is iad oibríthe ná an fhoireann a fhostaítear le dualgais nó tascanna ar leith a dhéanamh. Tuairisceoidh siad go díreach dá maoirseoir.

## Gníomhaíocht Foghlama

Déan staidéar ar na teidil phoist a léirítear i bhFíor 2 ar leathanach 4. Bíonn na teidil phoist a léirítear le fáil go tipiciúil i dtionscal na n-óstán. Comhlánaigh na boscaí thíos trí na teidil phoist a shórtáil mar seo a leanas:

- Bainistíochta;
- Maoirseachta;
- Oibríoch.

**Tabhair faoi deara:** seans go mbeidh ar dhaltai imscrúdú a dhéanamh ar chuid de na teidil phoist sula ndéanann siad socrú ar cén chatagóir lena mbaineann an teideal poist. Is féidir an cleachtadh seo a dhéanamh chomh maith ag baint úsáid as leathanaigh smeach-chairte agus pinn.

### Teidil phoist bhainistíochta

### Teidil phoist mhaoirseachta

### Teidil phoist oibríochta

Fíor 2: Teidil Phoist Thipiciúla i dTionscal na nÓstán

Maoirseoir Beáir	Concierge
Bainisteoir Acmhainní Daonna	Leas-Bhainisteoir Ginearálta
Freastalaí Seomra	Príomh-Concierge
Maoirseoir Oíche	Feidhmeannach díolacháin imeachtaí
Bainisteoir Oifig Thosaigh	Giolla Ócáide
Bainisteoir Imeachtaí	Bainisteoir Tí
Bainisteoir Chúnta Cóisire	Chef
Foireann Freastail	Bainisteoir ar Dualgas
Maoirseoir Tís	Foireann Freastail Ócáideach
Cúntóir Imeachtaí	Bainisteoir ar Dualgas
Commis Chef	Fáilteoir
Bainisteoir Bialainne	Bainisteoir Cothabhála
Bainisteoir Cuntas	Cúntóir Cuntas
Comhordaitheoir Nollag	Cúntóir Acmhainní Daonna
Bainisteoir Cóisire	Chef Feidhmeannach
Comhordaitheoir Imeachtaí	

Is é an príomhbhuntaíste a bhaineann le heagraíocht trí leibhéal ná go bhfuil línte soiléire bainistíochta agus maoirseachta agus tuairisceoireachta ann. Tá an fhoireann eolach ar na freagrachtaí atá acu agus cé dó a dtuairiscíonn siad, is é sin, cén maoirseoir atá acu agus cé atá mar bhainisteoir orthu ar deireadh. Tugann eagraíocht trí leibhéal dréimire ardú céime soiléir do na fostaithe.

## Gníomhaíocht Foghlama

Tá Tomás ina Bhainisteoir Beár in óstán mór 4 réalta. Léigh an achoimre seo a leanas ar a ghairm chuige seo.

- Sainaithin an leibhéal ag a raibh Tomás ag obair i ngach ról a bhí aige san óstán.

Thosaigh mé ag obair mar fhreastalaí i mbialann an óstáin i ndiaidh dom an scoil a fhágáil nuair a bhí mé 16. Bhí an-dúil agam sa phost agus d'oibrigh mé go cruu le hardú céime a fháil go Maoirseoir Bia & Deochanna faoi Oilíúint. Sa ról nua fuair mé taithí sa bheár manglam, bialanna agus fáiltiú an óstáin.

Uaidh sin, bhog mé go Ceannaire Sealobire ag an fháiltiú a thug an seans dom éirí cleachta le bogearraí ríomhaireachta an óstáin. Bhí mé mar mhaoriseoir ar fhoireann de 5 bhall foirme agus d'oibrigh mé na sealanna oíche 11–7 a bhfuil fuath ag daoine orthu!

Bliain ina dhiaidh sin, fuair mé ardú céime mar Bhainisteoir Cúnta Beár.

Chuidigh mé leis an Bhainisteoir Beár leis an stoc, ag reáchtáil na mbeár uilig agus ag déanamh uainchláir foirme. Bhí mé an-tógtha nuair a tairgeadh an post mar Bhainisteoir Beár Ócáidí dom. Tá an-ráchairt ar an óstán le haghaidh mórán ócáidí éagsúla lena n-áirítear bainiseacha. Bhí mé freagrach as stoc agus seachadtaí, réamhaisnéis pá agus uainchláir a tháirgeadh. Bhí mé mar bhainisteoir ar fhoireann ócáideach de 15. Ceapadh ar na mallaibh mé mar Bhainisteoir Beár, tá mé anois i mbun foireann lánaimseartha de 6 agus foireann ócáideach de 18. Déanaim sealanna mar Bhainisteoir ar Dualgas san óstán agus tugaim cuidiú do ranna éagsúla de réir mar is gá.



Fíor 3: Próifíl ghairme do Thomás, Bainisteoir Beár

Iomhá © Siri Stafford | Getty Images/Thinkstock

Tá réimse an-leathan d'eagraíochtaí fóillíochta, taistil agus turasóireachta ó bhialanna beaga teaghlaigh go TUI ina bhfuil níos mó ná 63 000 fostaí ar fud an domhain.

Tá roinnt buntáistí a bhaineann le bheith ag obair do Fhiontar Beag agus Meánmhéide (FBM)(SME). I gcomhlacht beag bíonn gach seans go gcuirfidh fostaí aithne mhaith ar gach duine a oibríonn ansin. Gach seans go bhfeicfidh an fostaí stiúrthóir/úinéir an chomhlachta ar bhonn rialta. Is féidir go mbeidh an próiseas cinnteoireachta gasta agus díreach mar gheall air seo. Is féidir go mbeidh níos lú línte deighilte maidir le ról ann agus go mbeidh an deis ag an fhostaí taithí a bheith acu ar roinnt ról san eagraíocht.

Is é an buntáiste is soiléire as a bheith ag obair in eagraíocht mhór ná líon agus éagsúlacht na bpost atá ar fáil. Mar thoradh air seo beidh deiseanna níos fearr ann ardú céime a bhaint amach agus níos mó airgid a shaothrú.

Má bhíonn tú ag obair do chomhlacht mór bíonn mórán tairbhí ann amhail cinnteacht phoist. Bíonn níos mó ualú airgeadais acu agus, dá bhrí sin, bíonn níos lú seans ann go mbeidh siad féimhithe. Beidh deiseanna gairme agus ardú céime níos rialta ann sna comhlachtaí móra mar go mbíonn feabhsú agus forbairt le déanamh iontu i gcónaí.

De ghnáth tairgeann na comhlachtaí móra peorcaisí don fhoireann amhail giomnáisiam, ceaintíní, clubanna sóisialta amhail foirne spóirt agus eagraíochtaí dá bhfoireann. Ainneoin go mbíonn gach eagraíocht ag iarraidh an duine is fearr don phost a earcú, go minic bíonn na heagraíochtaí móra ábalta tuarastal níos iomaíche agus saoire bhliantúil níos flaithiúla a thairiscint. De réir na reachtaíochta atá ann faoi láthair, ní mór do gach fostóir pinsean gairme a thairiscint.

### Gníomhaíocht Foghlama

Smaoinigh ar bhuntáistí eile as a bheith ag obair do FBM.

Cad iad na buntáistí as a bheith ag obair d'eagraíocht mhór?

### Áiseanna

<http://www.bbc.co.uk/schools/gcsebitesize/business/people/ictrev1.shtml>

<http://tuijobsuk.co.uk/>

